An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar an athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm ar Liotuáinis, ar Pholainnis agus ar Phortaingéilis na hArdteistiméireachta

Deireadh Fómhair 2025

# An Clár Ábhar


1. RÉAMHRÁ ........ 1

2. FAISNÉIS CHÚLRA ........ 2

**Forbhreathnú ar an tsonraíocht** ........ 2

**An ról atá ag an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach um Theangacha** ........ 3

**Coigeartuithe ar shocruithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19** ........ 3

3. FORLÉARGAS AR AN BPRÓISEAS ATHBHREITHNITHE ........ 4

Suirbhé ar líne ........ 4

Aighneachtaí i scríbhinn ........ 4

Grúpaí Fócais ........ 4

4. AISEOLAS ÓN ATHBHREITHNIÚ ........ 5

**Rannpháirtíocht an scoláire leis an Liotuáinis, leis an bPolainnis agus leis an bPortaingéilis** ........ 5

**Obair le Torthaí Foghlama** ........ 6

**Ceisteanna maidir le FTCE** ........ 6

**Comhpháirteanna measúnaithe** ........ 7

Béaltriail ........ 7

Scrúduithe cluastuisceana agus scríofa ........ 8

**Cur chuige creata** ........ 8

**Réimsí aiseolais eile** ........ 9

5. CROÍLÉARGAIS AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE A MHOLTAR ........ 9

**Na chéad chéimeanna eile** ........ 11

TAGAIRTÍ ........ 12

AGUISÍN 1: LIOSTA NA N-EAGRAÍOCHTAÍ A CHUIR ISTEACH AIGHNEACHT I SCRÍBHINN ........ 14

# 1. Réamhrá

Rinne an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) Meitheal Forbartha na hArdteistiméireachta do Liotuáinis, Polainnis agus Portaingéilis a thionól in 2019 le tús a chur le forbairt sonraíochta Ardteistiméireachta nua do na hábhair seo. Forbraíodh na sonraíochtaí seo mar fhreagairt ar Déanann Teangacha Nasc, Straitéis Do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn, 2017-2026. B'fhorbairt stairiúil ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta ar cuireadh fáilte roimpi í tabhairt isteach sonraíochtaí do Liotuáinis, do Pholainnis agus do Phortaingéilis na hArdteistiméireachta i Meán Fómhair 2020 mar ábhair roghnacha do scoláirí na sraithe sinsearaí mar go ndearnadh na teangacha sin a mheasúnú mar ábhair neamhchuraclaim san Ardteistiméireacht roimhe sin.

Chríochnaigh an chéad chohórt scoláirí na chéad mheasúnuithe ar na hábhair seo i mí an Mheithimh 2022, agus rinneadh measúnú ar 1135 scoláire ar an bhforiomlán. Idir na blianta 2022 agus 2025, leagadh socruithe measúnaithe coigeartaithe i leith na n-ábhar seo i bhfeidhm de bharr gur cuireadh isteach ar an bhfoghlaim mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Líon na scoláirí a ndearnadh measúnú Ardteistiméireachta orthu idir 2022 agus 2024 do Liotuáinis, Polainnis agus Portaingéilis atá sa tábla thíos.

Tábla 1: Líon na scoláirí a rinne scrúdú Ardteistiméireachta i Liotuáinis, i bPolainnis agus i bPortaingéilis (2022 –2024)

| Teanga | 2022 | | | 2023 | | | 2024 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | AL | GL | Iomlán | AL | GL | Iomlán | AL | GL | Iomlán |
| An Liotuáinis | 174 | 12 | 186 | 193 | 17 | 210 | 251 | 14 | 265 |
| Polainnis | 789 | 29 | 818 | 916 | 40 | 956 | 998 | 52 | 1050 |
| Portaingéilis | 131 | 0 | 131 | 187 | 0 | 187 | 276 | 0 | 276 |
| Iomlán | 1094 | 41 | 1135 | 1296 | 57 | 1353 | 1525 | 66 | 1591 |

Cuireadh an t-athbhreithniú luath ar an gcur i bhfeidhm i gcrích i R1, 2025, chun aiseolas a thiomsú agus na nithe seo a leanas a fhiosrú:

- an chaoi a bhfuil an curaclam á chur i bhfeidhm agus an chaoi a bhféadfaí é a fheabhsú
- eispéireas an scoláire ar fhoghlaim agus measúnú
- an chaoi a mbíonn múinteoirí ag obair leis an gcuraclam

Sa tuarascáil seo, tabharfar forléargas ar an gcomhairliúchán a reáchtáladh mar chuid den athbhreithniú agus ansin tabharfar achoimre ar na torthaí. Bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe, tá leagtha amach ag deireadh na tuarascála croíléargais agus na chéad chéimeanna eile a mholtar. Tá sé tábhachtach, agus an t-aiseolas atá leagtha amach sa tuarascáil seo á bhreithniú, go mbeifí meabhrach ar an iarracht shuntasach atá déanta ag múinteoirí Liotuáinise, Polainnise agus Portaingéilise chun an t-ábhar seo a thabhairt isteach i gcuraclam na sraithe sinsearaí.

# 2. Faisnéis chúlra

Sa chuid seo, tá forléargas achomair ar an tsonraíocht churaclaim, ar ról an FTCE, ar na socruithe measúnaithe beartaithe a bhaineann léi agus ar na coigeartuithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19, nithe arb ionann iad go léir agus faisnéis thábhachtach chomhthéacsúil agus breithniú á dhéanamh ar na torthaí thíos.

## Forbhreathnú ar an tsonraíocht

Tá an tsonraíocht do Liotuáinis, Polainnis agus Portaingéilis dírithe ar 180 uair ar a laghad de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama agus tá siad eagraithe de réir dhá shnáithe idirghaolmhara agus idirspleácha, Inniúlacht Teanga Chumarsáideach, agus Inniúlacht Ilteangach agus Ilchultúrtha.

Tábla 2: Achoimre ar na snáithe i sonraíochtaí na Liotuáinise, na Polainnise agus na Portaingéilise

| **Snáithe na hInniúlachta Teanga Cumarsáidí**<br><br>a bhaineann le forbairt ar inniúlacht an scoláire cumarsáid fhiúntach a dhéanamh sa sprioctheanga | **Snáithe na hInniúlachta Ilteangaí agus Ilchultúrtha**<br><br>a bhaineann le hinniúlacht foghlaimeoirí teangacha a úsáid chun críche cumarsáide agus idirghníomhú idirchultúrtha |
|---|---|
| Eagraítear na torthaí foghlama mar a leanas:<br>Modhanna cumarsáide[1]<br>1. Gabhchumas<br>2. Idirghníomhú<br>3. Táirgeadh<br>4. Idirghabháil | Eagraítear na torthaí foghlama mar a leanas: [2]<br>1. Inniúlacht ilteangach<br>2. Inniúlacht ilchultúrtha |

Dearadh na sonraíochtaí trí chur chuige creata. Baineann cur chuige coiteann leis seo i ngach sonraíocht lena n-áirítear an réamhrá, na haidhmeanna, na hionchais d'fhoghlaimeoirí agus na cuir chuige measúnaithe. Tá sonraíochtaí don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis leagtha amach ag dhá leibhéal, Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Tá rannpháirteachas gníomhach leis na torthaí foghlama lárnach chun tacú le hinniúlacht fhoriomlán teanga, agus leagtar amach ualú na gcomhpháirteanna measúnaithe sa tábla thíos i leith na n-ábhar seo ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal.

Tábla 3: Achoimre ar Chomhpháirteanna Measúnaithe

| Comhpháirt Mheasúnaithe | GNÁTHLEIBHÉAL | ARDLEIBHÉAL |
|---|---|---|
| Béaltriail | 25% | 30% |
| Scrúdú cluastuisceana | 30% | 25% |
| Scrúdú scríofa | 30% Léitheoireacht | 25% Léitheoireacht |
| | 15% Scríbhneoireacht | 20% Scríbhneoireacht |

[1] FTCE, Comhairle na hEorpa, 2001
[2] Ibid, lch 168.

## An ról atá ag an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach um Theangacha

Tá obair fhairsing déanta ag Comhairle na hEorpa ar oideachas teanga ó na 1970idí i leith. Seoladh an Fráma Tagartha Comónta Eorpach um Theangacha: Foghlaim, Teagasc, Measúnú (FTCE) in 2001. Creat tagartha atá anseo a chuireann uirlisí, treoirlínte agus acmhainní ar fáil chun curaclaim, téacsleabhair, uirlisí measúnaithe agus cláir teanga a fhorbairt le tacú le teagasc agus foghlaim teangacha. Baintear úsáid as an FTCE go hidirnáisiúnta le haghaidh oideachas teanga chun:

- foghlaim agus teagasc na nuatheangacha a chur chun cinn agus tacú leo
- plé idirchultúrtha a fheabhsú, agus comhthuiscint, comhtháthú agus daonlathas sóisialta a fheabhsú dá réir
- éagsúlacht teanga agus chultúir a chosaint san Eoraip
- an ceart chun oideachais d'ardchaighdeán a chur chun cinn do chách.

Ó foilsíodh é, leanadh den taighde agus den chomhoibriú agus mar thoradh air sin, foilsíodh An Fráma Tagartha Comónta Eorpach um Theangacha: Foghlaim, Teagasc, Measúnú. Comhleabhar le Tuairisceoirí Nua in 2018, ar baineadh úsáid as mar fhráma tagartha i bhforbairt na sonraíochtaí ar mhaithe le Liotuáinis, Polainnis agus Portaingéilis. Ó shin, d'fhoilsigh Comhairle na hEorpa An Fráma Tagartha Comónta Eorpach um Theangacha: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú: Comhleabhar (FTCEI) in 2020, lenar nuashonraíodh agus lenar cuireadh leis an gcreat bunaidh, le téacs níos soláimhsithe.

Tá na sonraíochtaí don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis ag teacht den chuid is mó le leibhéil A2/B1 den FTCE, a chuimsíonn leibhéil an Úsáideora Bhunúsaigh agus an Úsáideora Neamhspleách agus atá ar fáil do gach scoláire.

## Coigeartuithe ar shocruithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19

Ar an 12 Márta, 2020, mar chuid den fhreagairt náisiúnta ar phaindéim Covid-19, cuireadh tús le próiseas de bhearta suntasacha éigeandála san oideachas, ar tháinig líon socruithe measúnaithe athbhreithnithe amach astu, a ndearnadh athbhreithniú agus nuashonrú bliantúil orthu. Léiríonn agus aithníonn na hathruithe an cur isteach ar fhoghlaim na scoláirí de bharr na paindéime.

Thug scoláirí a rinne staidéar ar an Liotuáinis, ar an bPolainnis agus ar an bPortaingéilis ó 2022 go 2025 faoin measúnú Ardteistiméireachta de réir na socruithe measúnaithe athbhreithnithe seo. I measc na gcoigeartuithe ar an mbéaltriail bhí ceisteanna ar thrí shraith topaicí agus ar théamaí/ar thopaicí níos leithne chomh maith le plé ar shampla téacsanna ó Phunann Teanga an scoláire. Rinneadh coigeartuithe ar an scrúdú deiridh d'fhonn an rogha a leathnú agus líon na gceisteanna a bhí le comhlánú a laghdú. Ó 2023 go 2025, cé gur chloígh líon na gceisteanna a bhí le freagairt sa scrúdú deiridh le socruithe réamhchoigeartaithe, cuireadh rogha inmheánach sa bhreis ar fáil sa chuid táirgthe scríofa.

# 3. Forléargas ar an bpróiseas athbhreithnithe

Rinneadh an t-athbhreithniú seo idir mí an Mhárta agus mí na Bealtaine 2025, agus chuimsigh sé na trí mhodh rannpháirtíochta seo a leanas: suirbhé ar líne, grúpaí fócais do mhúinteoirí agus scoláirí agus an deis aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh thar ceann eagraíochta

## Suirbhé ar líne

Úsáideadh suirbhé chun aiseolas a bhailiú ó aon duine a bhí ag iarraidh a gcuid taithí ar Liotuáinis, ar Pholainnis agus ar Phortaingéilis na hArdteistiméireachta a roinnt. Roinneadh é seo ar líne trí www.ncca.ie agus cuireadh chun cinn é trí líonraí páirtithe leasmhara oideachasúla. Cuireadh isteach 22 fhreagairt ar an suirbhé. Tá miondealú ar rannpháirtithe an tsuirbhé ar fáil thíos.

Tábla 4: Miondealú rannpháirtithe an tsuirbhé

| Miondealú rannpháirtithe an tsuirbhé | Líon na rannpháirtithe |
|---|---|
| Múinteoirí iar-bhunscoile, Polainnis na hArdteistiméireachta | 1 |
| Múinteoirí iar-bhunscoile, Portaingéilis na hArdteistiméireachta | 1 |
| Múinteoirí iar-bhunscoile, Liotuáinis na hArdteistiméireachta | 1 |
| Oideoirí tuismitheoirí/múinteoirí, Liotuáinis na hArdteistiméireachta | 1 |
| Scoláirí Pholainnis na hArdteistiméireachta | 6 |
| Scoláirí Liotuáinis na hArdteistiméireachta | 9 |
| Scoláirí Phortaingéilis na hArdteistiméireachta | 3 |

## Aighneachtaí i scríbhinn

Rinneadh cuireadh oscailte chun aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn trí www.ncca.ie. Rinne na páirtithe leasmhara oideachasúla seo a leanas dhá aighneacht i scríbhinn:

- Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (PPLI)
- Múinteoirí Polainnise na hÉireann, Líonra Proifisiúnta Múinteoirí.

## Grúpaí Fócais

Seoladh cuireadh oscailte freastal ar ghrúpaí fócais i láthair go pearsanta nó ar líne chuig scoláirí na sraithe sinsearaí agus múinteoirí/oideoirí na Liotuáinise, na Polainnise agus na Portaingéilise trí www.ncca.ie. Cuireadh chun cinn na himeachtaí grúpaí fócais trí líonraí páirtithe leasmhara oideachasúla. Ghlac 23 scoláire páirt sna grúpaí fócais (dhá ghrúpa fócais i láthair agus ceann amháin ar líne). D'fhreastail triúr múinteoirí ar ghrúpa fócais ar líne.

Thoiligh scoláirí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán athbhreithnithe. Iarradh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe cuairte scoile a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Rinneadh na sonraí a bailíodh trí na cuairteanna scoile agus agallaimh ar líne a anaithnidiú agus a thras-scríobh, agus coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán athbhreithnithe mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2020). Coinníodh príobháideachas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin

sa chás inar thug eagraíocht cead follasach go n-aithneofaí í mar eagraíocht a chuir leis an gcomhairliúchán trí aighneachtaí scríofa iarrtha.

Tá achoimre déanta ar an aiseolas ón athbhreithniú seo i gCuid 4 den tuarascáil seo.

# 4. Aiseolas ón athbhreithniú

Sa chuid seo, tá leagtha amach forléargas ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis, bunaithe ar an anailís ar aiseolas ó gach modh rannpháirtíochta. Tá an anailís ar an aiseolas leagtha amach faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Rannpháirtíocht an scoláire leis an Liotuáinis, leis an bPolainnis agus leis an bPortaingéilis
- Obair le Torthaí Foghlama
- Ceisteanna maidir le FTCE
- Comhpháirteanna measúnaithe
- Cur chuige creata

Leagtar amach sa chuid seo réimsí aiseolais malartacha san athbhreithniú freisin nach bhfuil ceangal díreach acu leis an tsonraíocht féin ach a luaigh rannpháirtithe i rith an athbhreithnithe.

## Rannpháirtíocht an scoláire leis an Liotuáinis, leis an bPolainnis agus leis an bPortaingéilis

Chuir rannpháirtithe fáilte roimh dheis a bheith ag na scoláirí plé leis an Liotuáinis, leis an bPolainnis agus leis an bPortaingéilis mar ábhair churaclaim san Ardteistiméireacht. Breathnaíodh go fabhrach ar struchtúr agus ábhar soiléir na sonraíochtaí, le neart samplaí d’eispéiris foghlama dhearfacha á dtuairisciú. Léiríonn méadú líon na scoláirí atá ag tabhairt faoin Liotuáinis, faoin bPolainnis agus faoin bPortaingéilis gach bliain méadú suime sa Liotuáinis, sa Pholainnis agus sa Phortaingéilis. Aithníodh an bhéim ar inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha mar ghné chumasaithe, ó tharla gur sochaí ilchultúrtha atá in Éirinn.

Thug an t-athbhreithniú cúpla léargas ar inspreagadh na scoláirí an Liotuáinis, an Pholainnis agus an Phortaingéilis a roghnú sa tsraith shinsearach. De réir na scoláirí, ní hamháin go gcuireann na teangacha seo lena scileanna litearthachta, ach neartaíonn siad ceangail teaghlaigh agus chultúir ina bpobail in Éirinn agus ina dtíortha dúchais chomh maith. Thairis sin, measadh gur toradh iontach tairbheach a bhí ann deis a thabhairt dóibh idirghníomhú le daoine óga eile a bhfuil an sprioctheanga acu. Dúirt neart scoláirí go mbíonn tairbhí breise ag baint le staidéar a dhéanamh ar an Liotuáinis/Polainnis/Portaingéilis, amhail dul chun cinn a scileanna teanga ar pár. Ina theannta sin, mheas neart acu gur buntáiste é staidéar a dhéanamh ar na teangacha seo le pointí na Lár-Oifige Iontrála (CAO) a thuilleamh. Measadh gur leas í an rogha staidéar a dhéanamh ar cheann de na hábhair seo i measc iad siúd nach ndearna staidéar ar an nGaeilge agus a raibh ábhar sa bhreis de dhíth orthu don Ardteistiméireacht. B’ábhar spreagtha do chuid de na scoláirí an fhéidearthacht dul ag obair i bpobal na sprioctheanga. Dúirt neart scoláirí chomh maith go molfadh siad dá dteaghlach agus dá gcairde staidéar a dhéanamh ar an Liotuáinis/Polainnis/Portaingéilis mar ábhar Ardteistiméireachta de bharr a n-eispéiris foghlama dhearfaigh i rith na sraithe sinsearaí.

## Obair le Torthaí Foghlama

Léiríodh comhthoil ghinearálta go raibh na torthaí foghlama a bhain leis an Liotuáinis, leis an bPolainnis agus leis an bPortaingéilis soiléir agus úsáideach, agus gur leag siad amach a bhfuil le bheith ar an eolas faoi, a bhfuil le tuiscint agus a bhfuil le déanamh ag scoláirí tar éis dhá bhliain staidéir.  Mhol neart múinteoirí an t-eagrúchán maidir le *Snáithe na hInniúlachta Teanga Cumarsáidí* ina n-aiseolas de réir na gceithre mhodh cumarsáide. Léiríodh an-tacaíocht do *Shnáithe na hInniúlachta Ilteangaí agus Ilchultúrtha*, de bharr chúlraí éagsúla na scoláirí a bhíonn ag plé leis na sonraíochtaí curaclaim.  Tugadh é seo chun suntais san aiseolas a chuir scoláirí ar fáil san athbhreithniú, agus neart acu ag rá gur bhain siad an-taitneamh as a bheith ag cur lena gcuid foghlaim ilchultúrtha trí dhul ag obair ar thograí cultúrtha i réimsí amhail litríocht, ceol agus damhsa.  Bhain scoláirí, a bhí ag plé le sonraíocht na Portaingéilise, taitneamh ar leith as a bheith ag foghlaim faoi leaganacha éagsúla na teanga agus as a bheith ag idirghníomhú le scoláirí a bhfuil na leaganacha sin acu.

Tugadh le fios in aighneacht i scríbhinn amháin go bhféadfaí *Snáithe na hInniúlachta Ilteangaí agus Ilchultúrtha* a neartú tuilleadh trí thagairt don Fhráma Tagartha um Chuir Chuige Iolraíocha (FTCCI). Luadh chomh maith sa dá aighneacht gur fiú tacaíocht a thabhairt do mheasúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim chultúrtha, agus moladh tascanna ilchultúrtha cumarsáideacha agus machnaimh a chomhtháthú ann chun cur leis an eispéireas foghlama.

## Ceisteanna maidir le FTCE

Dúirt rannpháirtithe go ndéantar cúrsaí níos soiléire trí ailíniú na sonraíochtaí le leibhéil A2/B1 den FTCE. Tharraing múinteoirí aird ar an tábhacht a bhaineann le heolas a bheith acu ar an FTCE agus iad ag plé le torthaí foghlama. Cuireadh fáilte roimh ionchuimsiú scálaí tuairisceora léiritheacha samplacha de chuid an FTCE le tacú le leibhéil A2/B1 i gcuid Aguisín na sonraíochtaí don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis, agus moladh chomh maith tuilleadh eolais a thabhairt air. Rinneadh cúpla moladh maidir le féidearthacht cuid de na torthaí foghlama a bheachtú le próifíl mhírialta scoláirí a léiriú, inar féidir le scoláirí scileanna teanga ar leith a fhorbairt atá níos láidre ná a chéile.

Bhí meonta difriúla maidir le hionchais d'fhoghlaimeoirí ag leibhéil A2/B1 den FTCE. Léiríodh éagsúlacht chumas teanga na scoláirí san aiseolas. Luadh gur ó chúlra teanga oidhreachta cuid mhaith de na scoláirí, agus go bhfuair cuid acu taithí scolaíochta ina dtír dhúchais. Is cainteoirí den dara glúin cuid eile agus tá taithí éagsúil acu in úsáid na sprioctheanga sa bhaile. Thug scoláirí é seo le fios chomh maith san aiseolas. Thuairiscigh cuid de na scoláirí go raibh ardchumas sa sprioctheanga acu, agus mhaíomh scoláire amháin go mbeadh rochtain ar ardrang tairbheach. Mhínigh scoláirí eile an deacracht a bhaineann leis an bhfoghlaim i rang de scoláirí a bhfuil cumas níos láidre acu, agus go raibh deacracht acu ar dtús dul i dtaithí ar leibhéal na teanga a úsáideadh sa rang.

Tá rochtain ar na sonraíochtaí don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis ar fáil do chainteoirí teanga oidhreachta chomh maith le scoláirí nach bhfuil aon taithí acu ar an teanga. Cheistigh cuid de na rannpháirtithe ar fud na modhanna rannpháirtíochta conas a bheadh scoláirí gan aon taithí ar an teanga in ann cumas A1 a bhaint amach sula dtabharfaidh siad faoin tsraith shinsearach agus ansin cur lena gcumas agus leibhéal B1 a bhaint amach.  Maíodh nach leor 180 uair an chloig de rannpháirtíocht leis na torthaí foghlama do scoláirí, nach bhfuil aon taithí acu ar

an teanga, leibhéal A2/B1 a bhaint amach sa tsraith shinsearach. Mhol rannpháirtithe gur cheart gurbh ionann an leibhéal agus A1 sa chúigiú bliain le riachtanais na nglanfhoghlaimeoirí a chomhlíonadh agus go mbeadh sé tairbheach tuilleadh eolais a bheith ag dul leis na torthaí foghlama, go háirithe i dtaobh inniúlachtaí teanga ag leibhéil dhifriúla cumais a shoiléiriú.

## Comhpháirteanna measúnaithe

Bhí go leor plé ann agus tiomsaíodh go leor aiseolais ar feadh an athbhreithnithe a dhírigh ar na socruithe measúnaithe le haghaidh Liotuáinis, Pholainnis agus Phortaingéilis na hArdteistiméireachta. Déantar iad seo a fhiosrú anseo faoi cheannlínte bunaithe ar mhodhanna measúnaithe difriúla.

### Béaltriail

Measadh go bhfuil ag éirí go measartha maith le socruithe measúnaithe reatha i leith na béaltrialach, go gcuireann siad le muinín scoláirí agus go ligeann siad dóibh cumarsáid nádúrtha agus líofa a fhorbairt. Aithníodh gur deis mhaith atá sa bhéaltriail do scoláirí rathúlacht a bhaint amach, toisc gur cainteoirí dúchais nó cainteoirí oidhreachta na Liotuáinise/na Polainnise/na Portaingéilise cuid mhaith díbh. Luaigh scoláirí a ghlac páirt san athbhreithniú gur tháinig feabhas ar a gcuid scileanna teanga thar réimse téamaí mar thoradh ar chleachtadh labhartha rialta. Luaigh scoláirí chomh maith gur tháinig borradh faoina gcuid muiníne cumarsáid a dhéanamh sa sprioctheanga mar thoradh ar chleachtadh labhartha rialta.

#### Béaltriail – an Phunann Teanga

Tharraing rannpháirtithe san athbhreithniú aird ar cheisteanna maidir leis an bPunann Teanga agus a ról sa bhéaltriail do Liotuáinis, do Pholainnis agus do Phortaingéilis na hArdteistiméireachta. Cé gur bhain an chuid is mó den aiseolas faoin bPunann Teanga le measúnú, luaigh cúpla scoláire go bhféadfaí go mbeadh buntáiste ag baint le forbairt punainne thar dhá bhliain na sraithe sinsearaí, rud a chuireann béim ar an ról atá aici tacú le heispéiris foghlama thaitneamhacha. Phléigh scoláirí eile tairbhe na Punainne Teanga i bhforbairt a gcruthaitheachta sa tréimhse seo, agus iad ag tabhairt faoi thascanna amhail aistí a scríobh, léarscáileanna a tharraingt, imeachtaí cócaireachta a eagrú, cuir i láthair a dhéanamh, taifeadtaí fuaime agus físe a dhéanamh, acmhainní a chumadh le hathbhreithniú, srl.

Luaigh múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú an tábhacht a bhaineann le tacú le scoláirí ullmhú do phlé a dhéanamh ar shampla téacsanna óna bPunann Teanga sa bhéaltriail, agus luaigh scoláirí tábhacht an aiseolais ó mhúinteoirí. Ina theannta sin, luaigh cúpla scoláire gur chabhraigh ullmhúchán don phlé ar shampla téacsanna ón bPunann Teanga leo strus a laghdú agus an scrúdú ag teannadh leo toisc go raibh cumas gníomhúcháin acu an plé a dhíriú ar théacsanna a raibh suim phearsanta acu iontu amhail póstaer, togra, cur i láthair srl. Nochtadh cúpla ceist maidir le húsáid na punainne sa bhéaltriail, áfach, agus maíodh go mbeadh níos mó soiléireachta ar ról na Punainne Teanga ag teastáil ó mhúinteoirí.

Comhrá ginearálta 12 go 15 nóiméad atá sa bhéaltriail, lena n-áiritear plé ar shampla téacsanna atá curtha i gcrích ag an scoláire mar pháirt den Phunann Teanga. Ní ceadmhach do scoláirí samplaí dá gcuid oibre a thabhairt isteach sa scrúdú. Ceistíodh luach na Punainne Teanga do na scoláirí, agus chreid neart acu nach gcúitítear sa bhéaltriail an méid oibre a ghlacann sé an Phunann Teanga a chur i gcrích thar dhá bhliain. Measadh chomh maith go bhféadfaí go n-éireodh le scoláirí, nach dtugann faoin bPunann Teanga ar bhealach dáiríre thar dhá bhliain na

sraithe sinsearaí, maith go leor sa bhéaltriail. Dúirt neart scoláirí gurbh fhearr samplaí de théacsanna óna bPunann Teanga a ghlacadh leo sa scrúdú le nach gcaithfeadh siad pointí a fhoghlaim de ghlanmheabhair. Luadh gur féidir le scoláirí leas a bhaint as tacaíocht sa bhéaltriail i dteangacha eile na hArdteistiméireachta agus maíodh go gcuirfeadh le cothroime agus cothromas ó theanga go teanga dá dtabharfaí cead do scoláirí ábhar tacaíochta a thabhairt isteach leo[3].

### Scrúduithe cluastuisceana agus scríofa

Fuarthas aiseolas dearfach maidir leis na scrúduithe cluastuisceana agus scríofa de chuid Liotuáinis, Pholainnis agus Phortaingéilis na hArdteistiméireachta. Tugadh faoi deara go n-éiríonn go maith le scoláirí sa scrúdú cluastuisceana de ghnáth, agus gur réimse inniúlachta láidir atá ann go ginearálta. Mhol rannpháirtithe san athbhreithniú dearadh na dtascanna scríofa, ina raibh béim mhór ar fhíorúsáid na teanga. Dúradh chomh maith go raibh na leideanna scríofa praiticiúil agus fiúntach. Dúradh go raibh na tascanna tairbheach chun tacú le machnamh agus rannpháirteachas criticiúil. Luaigh scoláirí gur chabhraigh rannpháirteachas le tascanna scríofa agus tuisceana leo inniúlacht a fheabhsú i réimsí amhail forbairt foclóra, leibhéal léamhthuisceana, litriú agus gramadach srl.

Tuairiscíodh dearcthaí measctha maidir le freagraí a thabhairt i mBéarla sna scrúduithe cluastuisceana agus scríofa. Measadh go raibh mearbhall ann dá bharr in amanna. Chomh maith leis sin, maíodh nach gné de na torthaí foghlama an t-aistriúchán agus nár cheart go mbeifí ag súil leis i scrúdú teanga. Glacadh go dearfach, áfach, le freagraí a thabhairt i mBéarla in aiseolas eile a bailíodh, rud a léiríonn gur thacaigh an cur chuige seo le scoláirí nach bhfuil chomh hinniúil céanna sa sprioctheanga. Sa chomhthéacs seo, measadh go bhfuil tábhacht ag baint le ceisteanna i mBéarla a chur san áireamh, i bhfianaise phróifíl mhírialta na scoláirí a bhíonn ag tabhairt faoin scrúdú.

Luadh go raibh imní ann maidir le méid na dtascanna atá le cur i gcrích laistigh den tréimhse ama atá sannta don scrúdú scríofa. Maíodh go raibh sé sin ag cur brú ar scoláirí, amhail an dúshlán a ghabhann le fad ama na léamhthuisceana, go háirithe dóibh siúd a léann go mall. Chuir rannpháirtithe béim ar thábhacht an leanúnachais ar fud na n-ábhar teanga ina n-aiseolas.

Maidir le cur i láthair agus caighdeán na scrúduithe scríofa agus cluastuisceana, dúirt cúpla rannpháirtí gur oibrigh na scrúduithe scríofa agus cluastuisceana go maith, agus mheas cuid díbh go raibh an chluastuiscint sothuigthe. Dhírigh cuid de na rannpháirtithe san athbhreithniú ar na leibhéil ailínithe FTCE atá leagtha amach sna sonraíochtaí agus ar leibhéal deacrachta measta a ghabhann le scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta sa Liotuáinis, sa Pholainnis agus sa Phortaingéilis. Maíodh chomh maith, áfach, go dteastaíonn leibhéil níos airde ná na leibhéil A2/B1 atá leagtha amach sna sonraíochtaí do na scrúduithe scríofa sa Liotuáinis, sa Pholainnis agus sa Phortaingéilis in amanna agus go bhféadfaí go mbeadh deacrachtaí ag scoláirí nach bhfuil cúlra teanga oidhreachta acu go háirithe.

## Cur chuige creata

Glacadh go maith sna haighneachtaí i scríbhinn go sonrach leis an ailíniú idir sonraíochtaí don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis, agus dúradh go raibh an cur chuige creata úsáideach chun tacú le cur chuige atá leanúnach den chuid is mó ar fud na dtrí theanga. Mar a luadh i gCuid 2 den athbhreithniú seo, baineann cur chuige creata le cur chuige comhchoiteann i ngach sonraíocht, lena n-áirítear an réamhrá, na haidhmeanna, na hionchais d'fhoghlaimeoirí agus na cuir chuige measúnaithe. Mhol cúpla rannpháirtí gur cheart riachtanais éagsúla na scoláirí, a bhfuil rochtain acu ar na sonraíochtaí seo, a mheas ar bhealach níos fiúntaí sa chur chuige

[3] Chun tuilleadh eolais a fháil féach: Béaltrialacha - Coimisiún na Scrúduithe Stáit

creata, .i. cainteoirí teanga oidhreachta agus scoláirí nach bhfuil réamheolas acu ar an Liotuáinis, ar an bPolainnis agus ar an bPortaingéilis. Luaigh rannpháirtithe go bhféadfadh sé nach mbeadh scileanna léitheoireachta ná scríbhneoireachta de chuid scoláirí áirithe chomh forbartha céanna, cé go bhfuil an teanga labhartha ar a dtoil acu. Aithníodh an phróifíl mhírialta foghlaimeora seo mar ghné thábhachtach agus sonraíochtaí á n-ailíniú go forleathan le FTCE laistigh de chur chuige creata.

## Réimsí aiseolais eile

Tháinig réimsí aiseolais eile chun cinn i rith an athbhreithnithe maidir le roghnú agus acmhainní a chur ar fáil don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis. Leag rannpháirtithe béim ar thábhacht an Liotuáinis, an Pholainnis agus an Phortaingéilis a imeascadh in amchláir scoile, mar a dhéantar le neart teangacha ag an leibhéal iar-bhunscoile.  Luadh go mbíonn rochtain ag scoláirí ar na trí theanga seo go hiondúil trí ranganna seachtracha nó tríd an obair neamhspleách. Bhí scoláirí i bhfabhar deis a bheith acu staidéar a dhéanamh ar an Liotuáinis, ar an bPolainnis agus ar an bPortaingéilis laistigh dá suíomhanna scoile féin agus d’amchlár laethúil na scoile.

Mhaígh rannpháirtithe san athbhreithniú nach bhfuil a fhios ag neart iar-bhunscoileanna conas tacú leis na sonraíochtaí don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis agus iad a chur chun cinn, agus go gcaithfear eolas soiléir ar an mbéaltriail a scaipeadh ar scoileanna agus ar mhúinteoirí araon chun tacú le foghlaimeoirí neamhspleácha a bhfuil staidéar á dhéanamh acu ar na teangacha sin lasmuigh de threoir leanúnach an mhúinteora. Moladh go mb’fhéidir go gcabhródh níos mó ailínithe maidir le measúnú ar fud theangacha uile na sraithe sinsearaí le foirne bainistíochta scoile tacaíocht níos eolaí a thabhairt d’fhoghlaimeoirí neamhspleácha na Liotuáinise, na Polainnise agus na Portaingéilise.

Rinne rannpháirtithe san athbhreithniú plé chomh maith ar an gcaoi nach bhfuil rochtain acu ar na sonraíochtaí do na hábhair seo go dtí an cúigiú bliain ar aghaidh. Moladh rochtain a bheith ar fáil sa tsraith shóisearach ar an Liotuáinis, ar an bPolainnis agus ar an bPortaingéilis chun cur le roghnú na dteangacha sin i measc scoláirí ó chúlraí teanga oidhreachta agus i measc scoláirí gan réamheolas ar na teangacha.

Rinneadh plé fairsing ar cheist na n-acmhainní chomh maith agus luaigh cúpla rannpháirtí san athbhreithniú easpa tacaíochtaí amhail téacsleabhar nó ábhair bharántúla do mhúinteoirí chun tacú le pleanáil teagaisc agus foghlama.  Rinneadh plé ar easpa líon na múinteoirí cáilithe Liotuáinise, Polainnise agus Portaingéilise i dteannta fadhbanna breise a bhaineann leis na hábhair sin, an costas a bhaineann le tabhairt faoi chúrsaí ardleibhéil le huasoiliúint sna teangacha a bhaint amach san áireamh.

# 5. Croíléargais agus na chéad chéimeanna eile a mholtar

Ba mhaith le CNCM buíochas a ghabháil leis na múinteoirí, na scoláirí agus na páirtithe leasmhara eile a chuir leis an athbhreithniú seo. Thug an t-aiseolas uathu an-léargas ar an gcaoi ar cuireadh sonraíocht do Liotuáinis, Polainnis agus Portaingéilis i bhfeidhm agus an taithí a fuair daoine orthu ó tugadh isteach iad in 2020.

Thug anailís ar an aiseolas ón athbhreithniú an méid seo a leanas le tuiscint:

- Tá aidhm agus cuspóirí na sonraíochta don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis á mbaint amach trí rannpháirtíocht na scoláirí agus measta iad a bheith ábhartha agus fiúntach do shaol na scoláirí faoi láthair agus amach anseo.

- Tá an cur chuige creata, a úsáidtear ar fud na sonraíochtaí, fóinteach chun tacú le cur chuige leanúnach ginearálta ar fud na dtrí theanga.
- Meastar gurb ionann na comhpháirteanna measúnaithe agus bealach iomchuí le hinniúlacht teanga ar fud na scileanna teanga difriúla a mheas.
- D'fhreagair scoláirí, múinteoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara níos leithne go han-dearfach do thabhairt isteach na sonraíochta do Liotuáinis, Polainnis agus Portaingéilis, agus samhlaítear go leanfar den mhéadú ar roghnú na n-ábhar agus ar an tóir a bhíonn orthu sna blianta amach romhainn. Measann cuid daoine go mbeadh sé dúshlánach do scoláirí nach bhfuil aon chúlra sna teangacha acu tabhairt faoi na hábhair ó thús an cúigiú bliain.

Leagtar amach in Tábla 5 thíos ceisteanna agus/nó forbairtí féideartha a bhfuil na croíléargais mar bhunús orthu. Meastar go gcabhróidh siad seo bonn eolais a chur faoi fhorbairtí teanga mar pháirt d'athfhorbairt níos leithne na sraithe sinsearaí agus go gcuirfear an páirtí leasmhar ábhartha ar an eolas faoi.

**Tábla 5: Croíléargais agus forbairtí/breithnithe amach anseo**

| Croíléargas | Forbairtí/breithnithe amach anseo |
|---|---|
| Glacadh tríd is tríd leis na torthaí foghlama atá leagtha amach sna sonraíochtaí agus measadh go soiléiríonn siad an phleanáil i gcomhair teagaisc agus foghlama, ach b'fhiú smaoineamh ar thacaíocht a thabhairt do phróifíl mhírialta foghlama na scoláirí agus an cur chuige comhtháite idirchultúrtha cumarsáideach a fheabhsú.<br><br>Tá úsáid leibhéil FTCE d'ailíniú leathan cabhrach agus cuireann sí soiléire ar fáil, agus cuireadh fáilte chomh maith roimh chuimsiú scálaí tuairisceora léiritheacha samplacha an FTCE chun tacú le leibhéil A2/B1 i gcuid an Aguisín. | Déanfar é seo a mheas in obair Mheitheal Forbartha Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta mar pháirt d'Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí i dTráinse 4 agus 5.<br><br>Bainfear úsáid as an aiseolas seo chun bonn eolais a chur faoi obair Mheitheal Forbartha Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta agus a plé ar an FTCE agus an CV FTCE nuashonraithe agus ar an mbealach ar féidir leis sin tacú le forbairtí Nuatheangacha Iasachta. |
| Seans go mbeadh tuilleadh breithnithe de dhíth maidir le ról na Punainne Teanga mar | Bainfear úsáid as an aiseolas seo chun bonn eolais a chur faoi obair Mheitheal Forbartha |

| | |
|---|---|
| thacaíocht d’fhoghlaim scoláirí agus conas gur féidir leis é a chomhtháthú tuilleadh thar dhá bhliain na sraithe sinsearaí. | Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta agus cuirfear Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (TIBÉ) ar an eolas faoina ról chun tacú le riachtanais foghlama phroifisiúnta na múinteoirí Liotuáinise, Polainnise agus Portaingéilise agus iad ag leanúint ar aghaidh ag plé leis na sonraíochtaí reatha. |
| Maidir le measúnú suimitheach, bhí plé ar úsáid samplaí ón bPunann Teanga i mbéaltriail na hArdteistiméireachta agus raon braite na leibhéal FTCE ar fud tascanna scrúdaithe sa scrúdpháipéar. | Roinnfear an t-aiseolas seo le Meitheal Forbartha Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta nuair is gá chun tacú le plé ar ailíniú an churaclaim le teagasc, foghlaim agus measúnú, agus dearadh na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis. |
| Thug an t-aiseolas le fios go dteastaíonn níos mó ábhar teagaisc sna trí theanga go léir chun tacú le foghlaim agus teagasc. Tharraing múinteoirí aird ar an tábhacht a bhaineann le heolas a bheith acu ar an FTCE agus iad ag plé le torthaí foghlama. | Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (TIBÉ) a chur ar an eolas faoi thábhacht na dtacaíochtaí seo chun cabhrú le bonn eolais a chur faoi eispéiris phroifisiúnta reatha agus amach anseo chomh maith le forbairt acmhainní tacaíochta. |

## Na chéad chéimeanna eile

Treoróidh obair uileghabhálach Mheitheal Forbartha Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta, a tháinig le chéile i mí Mheán Fómhair 2025, athfhorbairt na sonraíochtaí curaclaim don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis. Beidh sé de chúram Mheitheal Forbartha Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta creat nuatheangacha iasachta a athfhorbairt agus sonraíochtaí na nuatheangacha iasachta uile a athbhreithniú agus a athfhorbairt le tascghrúpaí, bunaithe chun ardinniúlacht a roinnt le dul i ngleic le gnéithe teangabhunaithe na forbartha do na trí theanga ar leith. Cabhróidh léargais ón athbhreithniú seo bonn eolais a chur faoi obair Mheitheal Forbartha Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta, faoi fhorbairt creata nuatheangacha iasachta agus faoin obair atá ar bun ag tascghrúpaí teanga na Liotuáinise, na Polainnise agus na Portaingéilise.

# Tagairtí


An Roinn Oideachais. (2021). Socruithe Measúnachta do Scrúduithe Teastais 2022. [ar líne] Le fáil ag: Socruithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2022 [arna rochtain 17 Meitheamh 2025].

An Roinn Oideachais. (2022). Socruithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2023. [ar líne] Le fáil ag: Socruithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2023 [arna rochtain 17 Meitheamh 2025].

An Roinn Oideachais (2023). Socruithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2024. [ar líne] Le fáil ag: Socruithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2024.pdf [arna rochtain an 17 Meitheamh. 2025].

An Roinn Oideachais (2024). Socruithe Measúnachta do Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta 2025. [ar líne] Le fáil ag: Socruithe Measúnachta do Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta 2025.pdf

An Roinn Oideachais. (2017). Déanann Teangacha Nasc – Straitéis Do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn, 2017–2026. [ar líne] Le fáil ar: https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/foilseachain/d%C3%A9anann-teangacha-nasc-strait%C3%A9is-do-theangacha-iasachta-san-oideachas-in-%C3%A9irinn-2017-2026/ [Arna rochtain 20 Meitheamh 2025].

Comhairle na hEorpa. (2001). An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Foghlaim, Teagasc, Measúnú. [ar líne] Le fáil ag: https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages/cefr-and-its-language-versions [arna rochtain 16 Iúil 2025].

Comhairle na hEorpa. (2018). An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Teagasc, Foghlaim, Measúnú. Comhleabhar le Tuairisceoirí Nua. [ar líne] Le fáil ar: CEFR-Companion Volume with new descriptors - 2018.docx.pdf [arna rochtain 16 Iúil 2025].

Comhairle na hEorpa. (2020). An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Teagasc, Foghlaim, Measúnú. Comhleabhar. [ar líne] Le fáil ar: https://rm.coe.int/common-european-framework-of-reference-for-languages-learning-teaching/16809ea0d4 (arna rochtain 16 Meitheamh 2025].

Curaclam ar Líne. (2025). Sonraíocht Churaclaim do Liotuáinis na hArdteistiméireachta. [ar líne] Le fáil ag: An Liotuáinis | Curaclam ar Líne [arna rochtain an 10 Iúil 2025].

Curaclam ar Líne. (2025). Sonraíocht Churaclaim do Pholainnis na hArdteistiméireachta. [ar líne] Le fáil ag: An Pholainnis | Curaclam ar Líne [arna rochtain an 10 Iúil 2025].

Curaclam ar Líne. (2025). Sonraíocht Churaclaim do Phortaingéilis na hArdteistiméireachta. [ar líne] Le fáil ag: An Phortaingéilis | Curaclam ar Líne [arna rochtain an 2 Iúil 2025].

CNCM. (2025). Sonraíocht na Sraithe Sóisearaí: Nuatheangacha Iasachta. Le fáil ar: Sonraíocht Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí.pdf [arna rochtain 06 Lúnasa 2025].

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (2022). Tuilleadh coigeartuithe don scrúdú scríofa. An Ardteistiméireacht, 2022. [ar líne]. Ar fáil ar: Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Tuilleadh coigeartuithe don scrúdú scríofa. An Ardteistiméireacht, 2022 [arna rochtain 06 Lúnasa 2025].

Coimisiún na Scrúduithe Stáit. (2025). Béaltriail [ar líne]. Ar fáil ar: Béaltrialacha - Coimisiún na Scrúduithe Stáit [arna rochtain 06 Lúnasa 2025].

Coimisiún na Scrúduithe Stáit. (2025). Staitisticí Choimisiún na Scrúduithe Stáit [ar líne] Le fáil ag: Staitisticí Measúnaithe Bliantúla - Coimisiún na Scrúduithe Stáit [arna rochtain 17 Iúil 2025].

# Aguisín 1: Liosta na n-eagraíochtaí a chuir isteach aighneacht i scríbhinn

Seo a leanas liosta de na heagraíochtaí a roinn aighneacht scríofa agus ar mhian leo go n-ainmneofaí iad:

- Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (PPLI)
- Múinteoirí Polainnise na hÉireann, Líonra Proifisiúnta Múinteoirí

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment